Dolores O' Riordan

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás agus faoi chúlra Dolores O' Riordan. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. The President	An tU_____
2. lamented	c_____
3. will be buried	a_____far
4. funeral Mass	A_____ na s_____
5. local choir	c____ á_____
6. traffic management plan	p_____ b_____ t_____
7. the height of their career	i mb_____ a r_____
8. always playing music	de s_____ ag s_____ c_____
9. very fond of her	an-c_____ u_____
10. in consecrated earth	i gc_____ na c_____

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. An raibh aon ní nár thuig tú? Pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt:

1. Cén aois a bhí Dolores O' Riordan nuair a fuair sí bás agus cá raibh sí?

2. Cé as di ó dhúchas agus cá ndeachaigh sí ar scoil?

3. Cad a dúirt Aeidín Ní Bhriain fúithi?

4. Cad iad na sonraí a bhaineann lena sochraid a luadh sa tuairisc?

Ceist 4 '…**ba** d**h**uine an-deas í…'

Is é *ba* nó *b'* foirm na copaile a úsáidtear san aimsir chaite, san aimsir ghnáthchaite agus sa mhodh coinníollach. Leanann séimhiú foirmeacha na copaile sna haimsirí sin. Féach ar na samplaí thíos agus tabhair sampla amháin eile i ngach cás:

- ✓ Ba cheoltóir den scoth í:
  _____
- ✓ Ba eisean a bhí ann:
  _____
- ✓ Ba ó Chorcaigh í:
  _____
- ✓ Ba ann a d'imigh siad:
  _____
- ✓ Ba inniu a tháinig sé:
  _____
- ✓ B'iníon chliste í:
  _____
- ✓ B'fhurasta a bhí sé:
  _____
- ✓ B'in é:
  _____
- ✓ B'annamh:
  _____

Ceist 5 '…ana-dheas, ana-nádúrtha…' agus '…ana-chion…'

Féach ar na samplaí thuas, atá coitianta sa chaint, a bhí le cloisteáil sa mhír.

1. Cad é an leagan caighdeánach ar na samplaí thuas?
2. Cuir an réimír ***an-*** roimh na haidiachtaí thíos:

   mór
   deas
   sásta
   olc
   cairdiúil
   te
   bródúil

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi cheol The Cranberries?
2. An gceapann tú go bhfuil tionchar ag ceol na hÉireann ar rac-cheol an domhain? Cén fáth a ndeir tú amhlaidh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. The President	An tUachtarán
2. lamented	chásaigh
3. will be buried	adhlacfar
4. funeral Mass	Aifreann na sochraide
5. local choir	cór áitiúil
6. traffic management plan	plean bainistíochta tráchta
7. the height of their career	i mbarr a réime
8. always playing music	de shíor ag seinm ceoil
9. very fond of her	an-chion uirthi
10. in consecrated earth	i gcré na cille

Ceist 2

Iarr ar na foghlaimeoirí féachaint ar an mír den chéad uair agus ansin an mhír a phlé leis an duine in aice leo. Bíodh plé oscailte agat leis an rang ar fad faoi na nithe nár thuig siad sa tuairisc. Téigh siar ar na deacrachtaí a bhí acu agus cuir an mhír ar siúl arís.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- ✓ Ba cheoltóir de scoth í: *ba fhreagra maith é*
  (Cuirtear *ba* roimh chonsan nó roimh *fh- + consan* agus leanann séimhiú é*)*
- ✓ Ba eisean a bhí ann: *ba iad a chuaigh ansin*
  (Cuirtear *ba* roimh na forainmneacha – *é*, *í*, *ea*, *éard*, *eisean*, *ise*, *iad* agus *iadsan*)
- ✓ Ba ó Chorcaigh í: *ba as Sligeach í*
  (Cuirtear *ba* roimh réamhfhocail)
- ✓ Ba ann a d'imigh siad: *ba duit féin a bhí sé*
  (Cuirtear *ba* roimh fhorainmneacha réamhfhoclacha)
- ✓ Ba inniu a tháinig sé: *ba inné a bhuaigh sibh*
  (Cuirtear *ba* roimh dhobhriathra ama)
- ✓ B'iníon chliste í: *b'ionadaí maith é*
  (Cuirtear *b'* roimh ainmfhocail a thosaíonn le guta nó le *fh- + guta)*
- ✓ B'fhurasta a bhí sé: *b'fhuar an lá a bhí ann*
  (Cuirtear *b'* roimh aidiachtaí a thosaíonn le guta nó le *fh- + guta)*
- ✓ B'in é: *b'iúd leo abhaile*
  (Cuirtear *b'* roimh na forainmneacha taispeántacha *eo*, *in* agus *iúd)*
- ✓ B'annamh: *b'eol*
  (Cuirtear *b'* roimh dhobhriathra aidiachtacha a thosaíonn le guta nó le *fh- + guta)*

Ceist 5

1. An-deas, an-nádúrtha, an-chion.
2. an-mhór
   an-deas
   an-sásta
   an-olc
   an-chairdiúil
   an-te
   an-bhródúil

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Bhí an tUachtarán, Michael D. Higgins i measc na ndaoine a chásaigh bás Dolores O' Riordan lena muintir i gContae Luimnigh tráthnóna. Seachtain sa lá inniu a bhásaigh sí i Londain Shasana, in aois a sé bliana le cois an dá scor. Adhlacfar amárach í tar éis Aifreann na sochraide i mBaile Uí Bhricín.

Tomás Ó Mainnín
Ba ó cheantar tuaithe anseo i mBaile Uí Bhricín, i gContae Luimnigh de Dolores O' Riordan ó dhúchas. Ba anseo, faoi bhun an chnoic, i measc pobal beag tuaithe feirmeoireachta a thosnaigh[1] sí i mbun a cuid ceoil leis an gcór áitiúil. Inniu, ar feadh an lae, bhí na hullmhúcháin ar bun chun freastal ar na sluaite go[2] bhfuil súil leo anseo amárach. Tá plean bainistíochta tráchta le cur i bhfeidhm agus scata de na bóithre anseo le dúnadh.

Cé gur bhain sí cáil dhomhanda amach, ba mhinic ag an mbaile, i measc an phobail í. In 1999 agus an banna ceoil na *Cranberries* i mbarr a réime, do labhair sí leis an stáisiún seo ar cheann dá turasanna[3] abhaile go Luimneach. Ag an am, bhí sí tar éis feirm talún agus ocht gcinn de chapaill a cheannach.

Dolores O'Riordan, Cartlann: Nuacht TG4 1999.
Táim i mo chónaí in aice le Contae Corcaí, idir Corcaigh agus Luimneach. Agus, tá feirm agam lena lán capall. Ocht gcapall.

Tomás Ó Mainnín
Ina hóige, ba isteach go Cathair Luimnigh a chuaigh sí ar mheánscoil. Is anseo sa mheánscoil lán-Ghaeilge do chailíní a lean sí lena staidéar ar an gceol.

Aeidín Ní Bhrian, Príomhoide Choláiste Laurel Hill.
Ag am lóin bhíodh sí de shíor ag seinm ceoil, tá pianó againn istigh sa halla agus bhíodh sí ar an bpianó ag canadh leis na cairde, agus *sing songs* ar siúl acu agus b'aoibhinn léi a bheith ag ceol agus ag canadh. Agus, do na hAifrinn a bhíodh againn go rialta anseo ar scoil, bhí sí i gcónaí páirteach sna hAifrinn sin, agus sásta páirt a ghlacadh ann agus an tallann sin a roinnt. Agus, bhí ana-chion[4] ag na múinteoirí uirthi agus ba dhuine ana-dheas, ana-nádúrtha í. Agus fiú cúpla bliain tar éis di an scoil a fhágáil, nuair a pósadh í, d'iarr sí ar chór na scoile teacht ar ais agus a bheith ag canadh ag an Aifreann. *So*, choimeád sí an ceangal sin leis an scoil.

Tomás Ó Mainnín
Amárach tar éis Aifreann na sochraide sa tséipéal[5] i mBaile Uí Bhricín, go[6] seinneadh sí féin an t-orgán sa chór áitiúil ann, déanfar í a chur i gcré na cille.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i mBaile Uí Bhricín, i gContae Luimnigh

[1] *thosaigh* an leagan caighdeánach
[2] *a bhfuil* an leagan caighdeánach
[3] *turais* an leagan caighdeánach
[4] *an-chion* an leagan caighdeánach
[5] *sa séipéal* an leagan caighdeánach
[6] *a seinneadh* an leagan caighdeánach